# Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

## Polasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíocht Gaelscoil Chnoc Liamhna an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar:

- iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar.
- D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach.
- Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.
- Is iompar é atá d'aon ghnó agus nach bhfuil ag teastáil. Ní iompar timpisteach ná iompar neamhchúramach é.

Is féidir leis an dochar a bheith:

*Fisiciúil* (m.sh.: gortú pearsanta, damáiste do mhaoin nó caillteanas maoine)
*Sóisialta* (m.sh.: tarraingt siar, uaigneas, eisiamh)
*Mothúchánach* (m.sh.: féinmheas íseal, dúlagar, imní)

• Ní hionann eachtra aon uaire d'iompraíocht dhiúltach in aghaidh scoláire eile agus iompraíocht bhulaíochta

(Mar sin féin, is féidir teachtaireachtaí goilliúnacha a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndéanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach atá iontu.)

Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

<u>Iompar nach bhfuil mar iompar bullaíóchta:</u>

Más fíor an dochar athchleachtach don dalta atá ag fulaingt an iompar, ach nach raibh sé d'aon ghnó ag an dalta eile, ní bhítear ag caint ar bhulaíocht sa chás sin. Mar sin féin, caithfear déileáil leis faoi chód iompair na scoile.

D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid riachtanas in iúl le hiompraíochtaí a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear na hiompraíochtaí sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú.

Ní mheasfar easaontas idir daltaí mar bhulaíocht mura mbíonn iarrachtaí d'aon ghnó agus go minic ann chun cruachás a chruthú, chun duine a fhágáil ar lár, nó chun fuath a chruthú ina leith ag daoine eile

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

## <u>Na Foirmeacha Bulaíochta</u>

Is iomaí cruth a d'fhéadfadh a bheith ar iompraíocht bhulaíochta, agus is féidir leo tarlú ar leithligh nó in éineacht le chéile. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iompraíocht ach níl an liosta uileghabhálach.

### Iompraíocht bhulaíochta díreach:

- Iompraíocht bhúlíochta fisicúl: Brú, truilleán, sonc, cic, priocadh nó duine a thuisle. Iompar fisiciúil nó scrios maoine pearsanta.
- Iompraíocht bhulaíochta ó bhéal: Maslú leanúnach trí ainmneacha maslacha a thabhairt don dalta a chuireann náire air/uirthi – d'fhéadfadh sé seo tagairt a dhéanamh don chuma fhisiciúil, méid, éadaí, inscne, canúint, cumas acadúil, cine nó bunús eitneach.
- Iompraíocht bhulaíochta i scríbhinn: Nótaí nó ráitis mhagúla a scríobh in áiteanna poiblí, nótaí nó líníochtaí a scaipeadh faoi dhalta.

- Sracadh: Bíonn sracadh i gceist nuair a fhaightear rud éigin le lámh láidir nó le bagairt.

Iompraíocht bhulaíochta indíreach:

- Eisiamh: Nuair a dhéanann scoláire nó scoláirí scoláire eile a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhairt air/uirthi in aon turas ar bhonn leanúnach
- Caidrimh: Nuair a dhiúltaítear iarrachtaí dalta cairdeas a chruthú arís agus arís eile, nó nuair a ndéantar dochar dóibh. Bíonn bagairtí, geáitsí neamhbhriathartha, clúmhilleadh, ráflaí, an cóir chiúin agus ionramháil grúpaí cairde san áireamh mar fhoirmeacha bulaíochta caidrimh.

<u>Iompraíocht bhulaíochta ar líne:</u>

- Déantar iompraíocht bhulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) trí fheidhm a bhaint as téacsanna nó teachtaireachtaí díreacha/meandracha, ardáin na meán sóisialta, ríomhphost, aipeanna, suíomhanna cluichíochta digiteacha, consóil chluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne.

Cosúil le:

- Teachtaireachtaí nó íomhánna gránna, maslacha, tarcaisneacha agus/nó bagracha a sheoladh nó a roinnt le na rudaí thuasluaite.
- Eolas a mheastar a bheith pearsanta, príobháideach agus íogair a phostáil gan chead.
- Próifílí bréagacha a chruthú ar líonra sóisialta agus/nó a bheith páirteach iontu chun scoláirí eile a phearsanú agus/nó a náiriú
- Rochtain scoláire ar ghrúpaí comhrá ar líne, ar chuntais nó ar chluiche ar líne a eisiamh nó a bhac in aon turas

## Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an Chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| Foireann na Scoile | 9/06/25 | Cruinniu agus ½ la traenála |
| Scoláirí | 12/06/25 | Suirbhé<br>Plé le coiste na ndaltaí |
| Tuismitheoirí | 9-13/06/25 | Suirbhé ar líne |
| Bord Bainistíochta | 18/06/25<br>12/06/25 | Cruinniu an Bhoird<br>Dréacht seolta chuig an mbord |
| Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) | NA | |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: | | |

## Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

Cultúr agus Timpeallacht

Táimid tiomanta do:

- Cultúr scoile a chothú ina bhfuil iompar bulaíochta do-ghlactha agus cur chuige comhsheasmhach i leith déileála le hiompar den sórt sin.
- Tuismitheoirí a thabhairt isteach mar chomhpháirtithe gníomhacha chun timpeallacht a chruthú ina bhfuil iompar bulaíochta do-ghlactha.
- Tacaíocht a thabhairt don smaoineamh go bhfuil ár scoil ina háit ina bhfuil fáilte roimh thuairiscí ar iompar bulaíochta.
- Coincheap an duine iontaofa a chur chun cinn – nasc le clár 'Fan Sábháilte' – cé leis ar cheart do dhaltaí labhairt.
- Spásanna sábháilte a chruthú sa scoil agus sna clóis – le feiceálacht mhéadaithe.
- Saothar ealaíne agus comharthaí a chomhtháthú chun luachanna na scoile a chur

chun cinn – cruthú chairt scoile a chuireann cearta chun cinn – comhionannas, cuimsiú agus meas.

- Mothú muintearais a spreagadh trí úinéireacht a thabhairt do dhaltaí ar a spás féin trí ealaín agus cruthaitheacht.
- Áiseanna éagsúla a chur ar fáil mar sheomra suaimhnis, 'dark dens', cosáin céadfacha, cluichí clóis agus limistéir suí chun freastal ar riachtanais agus suimeanna éagsúla.
- Scoil gheal agus fáilteach a bheith againn.
- Cultúr scoile dearfach a chruthú a:
    1. Fháilte a chur roimh éagsúlacht agus difríochtaí agus atá bunaithe ar chuimsiú;
    2. Spreagann daltaí chun eachtraí bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
    3. Chothaíonn caidrimh mheasúla ar fud phobal na scoile.
- Coiste Folláine na ndaltaí a chur chun cinn sa scoil

---

Modhanna Chun Na Spriocanna Seo a Bhaint Amach

- Eolas a thabhairt don fhoireann faoi chur chuige aonfhoirmeach maidir le tuairiscí ar bhulaíocht – roinntear é seo leis an bhfoireann agus tá cóip ar fáil sa seomra foirne.
- Gníomhaíochtaí Seachtain Frithbhulaíochta mar obair bhaile ar ghníomhartha randamacha cineáltais, cruthú póstaeir, cruthú manaí, srl.
- Cabhraitheoirí clóis – daltaí i ranganna níos airde ag cabhrú le ranganna níos óige ar an gclós chun cluichí agus idirghníomhaíochtaí dearfacha a spreagadh. 'Minders' ag am lóin freisin.
- Polasaí Frithbhulaíochta atá oiriúnach do pháistí a forbraíodh le hionchur ó dhaltaí agus tuismitheoirí agus a roinntear le tuismitheoirí, páistí agus foireann chun plé a dhéanamh air. Leagtar amach sa pholasaí seo bealaí éagsúla chun tuairisc a thabhairt.
- Eolas a thabhairt do thuismitheoirí ó am go ham maidir le faisnéis úsáideach ar bhulaíocht.
- Ceachtanna 'Fan Sábháilte' agus OSPS ag díriú ar iompar dearfach mar chuid den churaclam i ngach rang.
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí.
- Forbairt chairt ranga agus scoile chomh maith le clár fógraí chun cineáltas a chur chun cinn agus freagracht a thógáil i measc daltaí.
- Dialann taifead ranga ag gach múinteoir ranga

---

Curaclam (Múineadh agus Foghlaim)

Táimid tiomanta do:

- Múineadh a sholáthar agus foghlaim a chur chun cinn atá comhoibríoch agus measúil, ag cothú cuimsiú agus meas ar éagsúlacht.
- Tuiscint roinnte a thaispeáint ar cad is bulaíocht ann agus a tionchar.
- Ceann de phríomhrialacha na scoile ná Meas agus ceann eile ná Sábháilteacht. Tá siad seo ar taispeáint agus pléite go rialta le daltaí.

- **Ábhar OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a mhúineadh** a chothaíonn folláine agus féinmhuinín na ndaltaí chomh maith le freagracht phearsanta as a n-iompar agus a ngníomhartha.
- **Iompar measúil a shamhlú** i leith comhghleacaithe, daltaí agus cuairteoirí i dtimpeallacht na scoile.
- **Na 'Zones of Regulation' a mhúineadh** ar fud na scoile.
- **Clár 'Weaving Wellbeing' a mhúineadh** ó Rang 2 ar aghaidh.
- **Garda pobail a thabhairt isteach** chun labhairt le daltaí faoi shábháilteacht ar líne agus cumarsáid.
- **Caint ar shábháilteacht ar líne a eagrú** le ranganna ó Rang 3 go Rang 6 gach bliain.
- **Modúl ar bhulaíocht a mhúineadh** go sonrach le gach rang.
- **Cúnamh a fháil ó scéim phíolótach NEPS** chun dul i dteagmháil le daltaí agus ranganna chun cairdeas a thógáil nuair is gá agus chun plé a dhéanamh ar bhulaíocht agus cúiseanna an iompar seo.
- **Gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim a úsáid** chun féinmheas, obair le chéile, cuimsiú agus meas a fhorbairt.
- **Deiseanna rialta a thabhairt do dhaltaí** oibriú i ngrúpaí beaga lena bpiaraí/ múinteoir, rud a chabhraíonn le mothú ceangail, muintearais agus comhbhá a thógáil.
- **Friends for life a iniúchadh mar chlár scoile.**
- **Fuse a úsáid ó rang 3-6 a iniúchadh**
- **Helping Hands a iniúchadh**

---

Cur i bhFeidhm Straitéisí Oideachais agus Cosc (lena n-áirítear bearta feasachta)

- **Ionbhá, meas agus athléimneacht a thógáil i measc daltaí;**
- **Dul i ngleic go soiléir le saincheisteanna cibearbhulaíochta agus bulaíocht bunaithe ar aitheantas**, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasafóbach;
- **Tacaíochtaí a chur ar fáil don fhoireann;**
- **Taifeadadh, fiosrú agus leanúint suas comhsheasmhach ar iompar bulaíochta** (lena n-áirítear úsáid straitéisí idirghabhála bunaithe); agus
- **Measúnú leanúnach ar éifeachtacht an pholasaí frithbhulaíochta.**

---

Polasaí agus Pleanáil

Is é aidhm ár bpolasaí *Bí Cineálta* ná:

- **Feasacht a ardú ar bhulaíocht mar iompar do-ghlactha** i measc bhainistíocht na scoile, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí;
- **Éiteas scoile a chur chun cinn** a spreagann leanaí chun eachtraí bulaíochta a nochtadh agus a phlé;
- **Maoirseacht agus monatóireacht chuí a chinntiú** trína gcoinnítear gach réimse de ghníomhaíocht na scoile faoi bhreathnóireacht;
- **Nósanna imeachta a fhorbairt** chun eachtraí bulaíochta a thabhairt faoi deara, a fhiosrú agus déileáil leo;
- **Clár tacaíochta a chur i bhfeidhm** do na daoine atá buailte ag iompar bulaíochta agus dóibh siúd atá bainteach le hiompar bulaíochta;
- **Oibriú le gníomhaireachtaí cuí** chun dul i ngleic le gach cineál bulaíochta agus

iompar frithbhulaíochta a chur chun cinn;

- **Polasaithe eile** mar an Polasaí Úsáide Inghlactha, Polasaí Maoirseachta, Polasaí Oideachais Speisialta agus Cód Iompair chomh maith leis an bpolasaí 'Aontú le hAontú' a thacú le cur i bhfeidhm an pholasaí *Bí Cineálta*;
- **Ceannaireacht éifeachtach** a bheith mar phríomhchuid, le Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Oifigeach Ainmnithe um Chosaint Leanaí (DLP), Leas-Oifigeach (DDLP), bainistíocht lárnach agus gach ball foirne ag díriú ar thacú le cur i bhfeidhm an pholasaí seo.

Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

- **Feasacht a ardú ar an bpolasaí agus ar an nós imeachta chuí** i measc tuismitheoirí, foirne agus daltaí;
- **Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha** chun cabhrú más gá, m.sh. NEPS, Gardaí, ZEEKO, Cybersafety, TUSLA; NCSE
- **Cumarsáid oscailte a spreagadh;**
- **Ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil** do dhaltaí, foireann na scoile agus tuismitheoirí chun feasacht a ardú ar thionchar na bulaíochta.

Cosc ar Iompar Cibearbhulaíochta

- Cur i bhfeidhm an churaclaim OSPS;
- Plé ar chibearbhulaíocht a nascadh le sé riail na scoile;
- Cur i bhfeidhm an churaclaim um Litearthacht Meán Digiteach chun iompar freagrach ar líne agus saoránacht dhigiteach a mhúineadh do dhaltaí;
- Comhráite rialta a bheith ag múinteoirí le daltaí faoi chaidrimh mheasúla agus chineálta a thógáil ar líne;
- Polasaí Úsáide Inghlactha a fhorbairt agus a chur in iúl don phobal scoile;
- Tagairt a dhéanamh don iompar cuí ar líne mar chuid de na caighdeáin iompair i gCód Iompair na scoile;
- Ócáidí sábháilteachta ar líne a chur chun cinn nó a reáchtáil do thuismitheoirí atá freagrach as gníomhaíochtaí ar líne a bpáistí a mhaoirsiú;
- Cuireadh a thabhairt don Gharda pobail labhairt le daltaí sna ranganna sinsearacha;
- Lá Sábháilteachta Idirlín a reáchtáil chun feasacht ar iompar ar líne
- Aontú deonach gan fóin chliste sa scoil a chur i bhfeidhm.
- Polasaí Gléas cliste

Cosc ar Bhulaíocht Homafóbach/Trasafóbach

- Timpeallacht fhisiciúil chuimsitheach a chothú trí phóstaeir agus ábhar ábhartha a chur ar taispeáint;
- Tacaíocht piaraí a spreagadh trí mheantóireacht agus gníomhaíochtaí chun comhbhá a fhorbairt;
- Steiréitíopaí inscne a cheistiú agus a shárú;
- Ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do dhaltaí, foireann agus tuismitheoirí chun feasacht a ardú ar thionchar bulaíochta homafóbaigh;

- Spreagadh a thabhairt do dhaltaí labhairt amach má fheiceann siad iompar homafóbach.

Cosc ar Bhulaíocht Chiníoch

- Cultúr scoile a chothú ina gceiliúrtar éagsúlacht agus ina bhfeiceann gach dalta iad féin sa timpeallacht scoile;
- Éagsúlacht chultúrtha na scoile a léiriú go follasach agus go bródúil;
- Ceardlanna agus seimineáir a reáchtáil do dhaltaí, foireann agus tuismitheoirí chun feasacht ar chiníochas a mhéadú;
- Spreagadh a thabhairt do lucht féachana iompar ciníoch a thuairisciú;
- Tacaíochtaí a chur ar fáil do mhúinteoirí le tacú le daltaí ó mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear daltaí de phobal an Lucht Siúil agus Roma, agus le cur le cumarsáid lena dtuismitheoirí.

Cosc ar Bhulaíocht Ghnéasaíocht

- A chinntiú go léiríonn baill foirne iompar measúil agus go gcaitheann siad go cothrom le daltaí beag beann ar a n-inscne;
- A chinntiú go mbíonn rochtain ag gach dalta ar dheiseanna comhionanna le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí scoile;
- Éagsúlacht a cheiliúradh agus cur le luach ar rannchuidiú gach dalta;
- Spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí na luachanna seo a threisiú sa bhaile.

Cosc ar Chiapadh Gnéasach

- Samhlacha dearfacha ról a chur chun cinn laistigh de phobal na scoile;
- Steiréitíopaí inscne a cheistiú a d'fhéadfadh cur le ciapadh gnéasach;
- A dhéanamh soiléir go bhfuil cur chuige neamh-inghlactha ag an scoil i leith ciaptha gnéasaigh de chineál ar bith, le polasaí soiléir is féidir a chur i bhfeidhm.

Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)

Maoirseacht agus Monatóireacht:

Maoirseacht

- **Maoirseacht Foirne:** Ba cheart go mbeadh gach ball foirne oilte chun iompar bulaíochta a aithint agus freagairt dó. Ba chóir go mbeadh siad i láthair agus go bhfeicfí go soiléir iad i spásanna coitianta agus ar an gclós le linn am sosa.
- **Maoirseacht Daltaí:** Ba chóir do mhúinteoirí ranga na daltaí a mhaoirsiú le linn ama ranga agus ama sosa. Ba chóir dóibh a bheith ar an eolas faoi cad atá ag tarlú ina seomraí ranga agus ar an gclós.
- **Maoirseacht ar Chuairteoirí:** Ba cheart go mbeadh cuairteoirí ar scoil faoi mhaoirseacht i gcónaí. Níor cheart iad a fhágáil ina n-aonar le daltaí.

Monatóireacht

- **Tuairisciú Eachtraí:** Déanann an múinteoir ranga fiosrú ar gach cás de iompar bulaíochta a tuairiscíodh nó a bhfuil amhras faoi, chun fíricí a bhunú, agus líonann sé/sí foirm tuairiscithe eachtra.
- **Fiosrú Eachtraí:** Ba cheart gach tuairisc ar bhulaíocht a fhiosrú go tráthúil agus go críochnúil. Ba chóir agallaimh a dhéanamh leis an dalta a thuairiscigh an eachtra, an dalta a líomhnaítear a bhí bulaíochta air/uirthi, agus aon fhinnéithe.
- **Leanúint ar Aghaidh:** Ba cheart don scoil gníomh cuí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an iompar bulaíochta.

Trí na polasaithe seo a chur i bhfeidhm, is féidir linn timpeallacht scoile níos sábháilte agus níos dearfaí a chruthú do gach dalta.

## Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

---

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

> A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.

> Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.

> Gach comhrá go híogair.

> Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.

> A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

> A ghníomhú go tráthúil.

> Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

| |
|---|
| Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta): |
| |

Conas a Dhearbhaítear Bulaíocht?

Chun a dheimhniú gur bulaíocht atá i gceist, ní mór don mhúinteoir ranga a bheith sásta go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

1. Dírithe
An bhfuil an t-iompar dírithe ar dhalta nó ar ghrúpa ar leith?

2. Dochar
An bhfuil an t-iompar ceaptha dochar a dhéanamh?

3. Arís agus arís
An bhfuil an t-iompar athraithe thar thréimhse ama?

Má tá an freagra ar gach ceann díobh seo 'Tá', is bulaíocht atá i gceist agus ba chóir úsáid a bhaint as Nósanna Imeachta Bí Cineálta.

Má tá freagra amháin ar bith 'Níl', níl bulaíocht i gceist agus ba cheart déileáil leis an iompar trí straitéisí eile atá leagtha amach i gCód Iompair na Scoile.

Bíonn tréimhse 90 lá scoile ar mhéad ligceist idir eachtraí chun bulaíocht leanúnach a ghlaoch ar chás

Díspreagann an scoil aon phlé príobháideach ar ghrúpaí WhatsApp maidir le bulaíocht.

Céim 1: Fiosrúchán

- Déanann an múinteoir fiosrúchán tosaigh. Má dheimhnítear bulaíocht, bogtar ar aghaidh go Céim 2.
- Déantar gach cás a fhiosrú le rún na fíricí a bhunú agus an iompar a bhainistiú.
- Úsáidfidh an múinteoir a proifisiúnta le cinneadh a dhéanamh.
- Beidh an cur chuige cothrom agus comhsheasmhach.
- Déanfar agallaimh lasmuigh den seomra ranga agus ar bhealach rúnda agus cuí.
- Má tá grúpa bainteach, cuirfear agallamh ar gach duine ina aonar i dtosach, ansin mar ghrúpa.
- Is féidir iarraidh ar dhaltaí a gcuntas a scríobh ar bhileog thuairiscithe

Prionsabail le leanúint:

- Éist leis an dalta atá thíos leis an mbulaíocht.
- Coimeád rudaí faoi rún
- Déan comhráite go tuisceanach.
- Déan machnamh ar aois agus ar chumas na ndaltaí.
- Glac le moltaí an dalta maidir le conas déileáil leis an gcás.
- Gníomhú go tráthúil (laistigh de 20 lá).
- Cuir tuismitheoirí ar an eolas.

Céim 2: Taifead agus Gníomh

Taifeadtar gach cás bulaíochta:

- Foirmeacha bulaíochta na scoile

- Cineál bulaíochta
- Áit agus am
- Dáta teagmhála le dalta/tuismitheoirí
- Tuairimí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí faoin mbealach le dul i ngleic leis
- Dáta athbhreithnithe
- Teagmháil le seirbhísí seachtracha (más infheidhme)

Déileáil leis an gCás:

- Mínítear don dalta go bhfuil a iompar ag briseadh na polasaí frithbhulaíochta.
- Ní thabharfar locht ar aon duine ach déantar iarracht féachaint ar rudaí ó pheirspictíocht an dalta eile a bhí an bulaíocht déanta air/uirthi/orthu
- Mínítear go soiléir go bhfuil sé mar aidhm deireadh a chur leis an iompar, ní pionós.
- Má thugtar gealltanas don iompar a stopadh agus má choinnítear é, ní chuirfear pionós i bhfeidhm.
- Má bhristear dhá ghealltanas, féadfar fionraí nó pionós eile a chur i bhfeidhm.
- D'fhéadfadh an Cód Iompair a bheith i bhfeidhm más iompar tromchúiseach atá i gceist.
- Déanfar soiléir go bhfuil aon smachtú príobháideach idir an scoil, an dalta agus na tuismitheoirí.

Gearán Tuismitheora:

- Má bhíonn tuismitheoir míshásta, cuirtear chuig nós imeachta gearán na scoile é/í.
- Mura bhfuil siad sásta fós, cuirtear ar an eolas iad faoina gceart dul chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Tacaíocht Seachtrach:

- D'fhéadfaí seirbhísí seachtracha a úsáid le cabhrú leis an gcás.

Críoch:

- Mura dtarlaíonn aon eachtra taobh istigh de 20 lá, meastar gur tháinig deireadh leis an mbulaíocht.
- Caithfear cás nua a oscailt má tharlaíonn eachtra eile ina dhiaidh sin.

Foireann neamhtheagaisc:

- Spreagtar CRS, cúntóirí, glantóirí, srl. le haon iompar amhrasach a thuairisciú.

---

Céim 3:

Laistigh de 20 lá ón eachtra, déanfar athbhreithniú le tuismitheoirí agus an dalta le fáil amach an bhfuil an iompar stoptha.

---

Céim 4:

Socraíonn an múinteoir an bhfuil gá le tuilleadh gnímh nó an bhfuil an cás críochnaithe.

---

Céim 5: Nuashonrú chuig an mBord Bainistíochta

Ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta, caithfidh an príomhoide nuashonrú ar iompar bulaíochta a thabhairt:

- Líon na gcásanna ó chruinniú deireanach
- Cásanna atá fós ar siúl

- Iomlán na gcásanna ón tús na bliana
- Tuairisc bhéil ar na cásanna nua

Bulaíocht Lasmuigh den Scoil

Ní rialaítear ar an scoil déileáil le bulaíocht a tharlaíonn nuair nach bhfuil na daltaí faoi chúram nó freagracht na scoile. **Mar sin féin, má bhíonn tionchar ag an mbulaíocht sin ar shaol scoile an dalta, tá sé de dhualgas ar an scoil tacaíocht a chur ar fáil do na daltaí atá bainteach.**

Má leanann an bulaíocht ar aghaidh sa scoil, **ba chóir don scoil déileáil leis de réir a bpolasaí Bí Cineálta**.

I gcás ina **ní dalta sa scoil é/í an duine atá ag léiriú an iompar bulaíochta**, ach **go bhfuil an duine atá á thiontú ina dhalta sa scoil**, ba chóir don scoil **tacaíocht chuí a chur ar fáil don dalta sin** agus **dul i dteagmháil lena thuismitheoirí** chun a fháil amach cé na céimeanna is féidir a ghlacadh le déileáil leis an gcás.

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

Tacaíocht do Dhaltaí atá ag Fulaingt de bharr Bulaíochta
• Déileáil le hiompar bulaíochta go pras chun é a chur chun deiridh.
• Cothú meas ar gach dalta, lena n-áirítear iad siúd atá ag fulaingt de bharr bulaíochta.
• Cothú níos mó comhbhá agus tacaíochta do dhaltaí atá buailte.
• Cur in iúl go soiléir nach bhfuil an milleán ar an dalta atá bulaíochta déanta orthu trí:
  – Chláir bhliantúla feasachta a chur i bhfeidhm, agus
  – Aithint thapa orthu siúd atá freagrach agus réiteach tapa ar an gcás.
• Cur ar fáil seirbhísí comhairleoireachta cuí do dhaltaí de réir mar is gá (faoi réir maoinithe).
• Cabhrú le daltaí atá buailte féinmheas a fhorbairt trí iad a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chabhraíonn le cairdeas agus scileanna sóisialta (e.g. obair ghrúpa sa rang, clubanna tar éis scoile).

Tacaíocht do Dhaltaí atá Tar éis Bulaíocht a Dhéanamh
• Cur in iúl go soiléir nach ngearrtar pionós ná milleán ar dhaltaí a dhéanann athrú

dearfach, agus go dtugtar 'tús úr' dóibh.
• Cur in iúl go bhfuil athrú dearfach ina iompar ina rud ceart agus cróga, agus moladh a thabhairt dóibh as sin.
• Cur seirbhísí comhairleoireachta ar fáil, más féidir, chun cabhrú leo bealaí eile a fhoghlaim chun a riachtanais a shásamh gan cearta daoine eile a shárú.
• Spreag an dalta chun féinmheas a fhorbairt trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cairdiúla agus sóisialta (e.g. obair ghrúpa, spóirt, clubanna).
• Bain úsáid as straitéisí foghlama trasna na scoile chun féinmheas na ndaltaí a mhéadú.
• Nuair a dhéantar déileáil le hiompar diúltach, moltar do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí an t-iompar a dhíriú air, gan an páiste féin a dhiúltú.
• Agus bulaíocht á phlé, ba chóir réiteach a lorg, deis nua a thairiscint, agus 'tús úr' a thabhairt do dhaltaí a gheallann leasú.


Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú. Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.*

## Mír D: Maoirseacht:


Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe:  Dáta: 18/06/25

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Sínithe:  Dáta: 18/06/25

(Príomhoide)

Foirmeacha Bulaíochta

Iompraíocht bhulaíochta i leith duine atá faoi mhíchumas/ *disablist bullying behaviour*

Bulaíocht ar dhuine ardchumais/ *exceptionally able bullying*

Bulaíocht i leith duine mar gheall ar fhéiniúlacht inscne/ *gender identity bullying*

bulaíocht homafóbach/trasfhóbach/ homophobic/*transphobic bullying*

Bulaíocht mar gheall ar chuma fhisiciúi/ *physical appearance bullying*

Bulaíocht chiníoch/ *racist bullying*

Bulaíocht bhochtaineachta/ *poverty bullying*

Bulaíocht mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach/ *religious identity bullying*

Bulaíocht ghnéasaíoch/ *sexist bullying*

Ciapadh gnéasach/ *sexual harassment*

## *Appendix 2 – Prevention/Awareness Raising*

| | *Exercises From:* "Walk Tall" | *Exercises From:* "Stay Safe" | *Exercises From:* "Anti-Bullying Campaign" |
|---|---|---|---|
| **Junior Infants** | 3.3 Kind or not so Kind | 2.1 Friendship<br>2.2 What is Bullying? | 9 Exercises – Friendship, Kindness and Respect - *see pages below . .* |
| **Senior Infants** | | 2.3 How can we stop Bullying? | 9 Exercises – Friendship, Kindness and Respect - *see pages below . .* |
| **1st Class** | | 2.1 Friendship<br>2.2 What is Bullying<br>2.3 Exclusion | 9 Exercises – Friendship, Kindness and Respect - *see pages below . .* |
| **2nd Class** | 4.6 Bullying (Cope – Tell) | 2.4 Effects of Bullying<br>2.5 Class Agreement | 9 Anti-Bullying Exercises - *see pages below . .* |
| **3rd Class** | 4.1 What is Bullying?<br>4.2 The Effects of Bullying<br>4.3 What we think of Bullying<br>4.4 Witnessing Bullying<br>5.5 A Bully-Free Zone<br>4.6 Standing up to Bullying | 2.1 Friendship<br>2.2 What is Bullying?<br>2.3 Other types of Bullying | 9 Anti-Bullying Exercises - *see pages below . .* |
| **4th Class** | 5.3 Dealing with Bullying | 2.4 Cyber-Bullying<br>2.5 Coping with Bullying<br>2.6 Class Agreement | 9 Anti-Bullying Exercises - *see pages below . .* |
| **5th Class** | 7.4 Bullying<br>8.4 Name Calling | 2.1 Friendship<br>2.2 What is Bullying<br>2.3 Other types of Bullying | 9 Anti-Bullying Exercises - *see pages below . .* |
| **6th Class** | 8.4 Bullying<br>9.5 Name Calling | 2.4 Cyber-Bullying<br>2.5 Coping with Bullying<br>2.6 Class Agreement | 9 Anti-Bullying Exercises - *see pages below . .* |

***An Outline of Primary Strand 1 - Tools for Raising Awareness***

***Age 4-7 Years – Developing a Culture of Friendship, Kindness and Respect***

*Before addressing the bullying issue in Second Class (age 7-8)*
*children should ideally have done all of the positive exercises below during the previous three school years*

**Junior Infants (Age 4-5):**

**Exercise 1.0.01** Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 1

**Exercise 1.0.02** **"Sesame Street - What Is A Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.03** **"Sesame Street - Because We're Friends"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.04** **"Sesame Street - I Am Your Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.05** **"Grumpy Tree Story"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.06** **"Sesame Street - Looking For A Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.07** **"Colour Your World With Kindness"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.08** **"Respect Explained"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.09** **"Sesame Street - Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Senior Infants (Age 5-6):**

**Exercise 1.0.11** Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 2

**Exercise 1.0.12** **"Sesame Street - Get Along Together" -** Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.13** **"A Random Act of Kindness**" – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.14** **"Be Responsible, Safe, Respectful Song"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.15** **"Simple Act of Kindness Creates Endless Ripple"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.16** **"Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.17** **"Respect Song Video - Classroom Mix Version"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.18** **"Kindness Rhyme For Kids - You Are Amazing"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.0.19** **"Kindness Changes Everything"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**First Class (Age 6-7):**

**Exercise 1.1.01** Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 3

**Exercise 1.1.02** **"Kid's Guide - Getting Along With Classmates"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.03** **"Inspirational Video – Pay it Forward" –** Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.04** **"Life Lessons sharing and respecting others"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.05** **"Kids For Character: Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.06** **"Kindness Speech by 10 Year Old Girl"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.07** **"Yes, That's Bullying"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.08** **"Stand Up~ Bullying Commercial"** – Video and Questions for Teacher to Ask

**Exercise 1.1.09** **"Bully-Free Zone! Song"** – Video and Questions for Teacher to Ask

***Appendix 2 Contd.*** ***Sample*: Prevention/Awareness-Raising Exercises**
from the *Anti-Bullying Campaign,* Strand 1 – Raising Awareness Handbook
for Second to Sixth Classes (Age 7-12 years) and the Whole School Community

***An Outline of Primary Strand 1 – Tools for Raising Awareness***

***Age 7-12 Years – Explaining the Nature and Unacceptability of Bullying***

**Second Class (Age 7-8):**

**Exercise 1.2.1:** **"Sesame Street – Good Birds Club (2011)"** – *YouTube Video & Printed Questions to Ask*
**Exercise 1.2.2:** *"Types of Bullying" – Worksheet Exercise*
**Exercise 1.2.3:** **"The Meanest Girl in Second Grade"** – *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.2.4:** *"Snakes and Ladders" Exercise – game with anti-bullying messages*
**Exercise 1.2.5:** **"Cyber Bullying Cinema Commercial" -** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.2.6:** **"Meena Cartoon – Who is Afraid of the Bully***" - YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.2.7:** *Annual Anti-Bullying Drawing Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.2.8:** *Annual Anti-Bullying Slogan Competition (2 Weeks)*
**+ Surveys:** From the "*Resolving Situations"* section with 'Reform, not Blame' approach explained before every survey

**Third Class (Age 8-9):**

**Exercise 1.3.1:** *"Recognising Bullying" – Worksheet Exercise*
**Exercise 1.3.2:** **"Strength in Numbers" -** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.3.3:** **"It's up to You"** – *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.3.4:** *"Rudolph the Red-Nosed Reindeer" Worksheet Exercise*
**Exercise 1.3.5:** **"Words Hurt – Don't be a part of it" -** *YouTube Video & two Accompanying Worksheets*
**Exercise 1.3.6:** **"Emma's Story - Cyberbullied by a Best Friend" –** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.3.7:** *Annual Anti-Bullying Drawing Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.3.8:** *Annual Anti-Bullying Slogan Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.3.9:** **"Inspirational Video – Pay it Forward" –** *Video and Questions for Teacher to Ask*
**+ Surveys:** From the "*Resolving Situations"* section with 'Reform, not Blame' approach explained before every survey

**Fourth Class (Age 9-10):**

**Exercise 1.4.1:** **12 Short Animated "Webisodes"** *(e.g. 2 sessions of six each) & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.4.2:** **"When the Going gets Scruff" -** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.4.3:** *"Cyber-Bullying by Phone" Powerpoint Presentation*
**Exercise 1.4.4:** **"The Power of One – School Video Sample" -** *YouTube Video to be followed by Survey*
**Exercise 1.4.5:** **"Bully (Amazing Short Animation film)" -** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.4.6:** **"Supporting Difference" -** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.4.7:** *Annual Anti-Bullying Drawing Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.4.8:** *Annual Anti-Bullying Slogan Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.4.9:** *"Snakes and Ladders" Exercise – game with anti-bullying messages*
**+ Surveys:** From the "*Resolving Situations"* section with 'Reform, not Blame' approach explained before every survey

**Fifth Class (Age 10-11):**

**Exercise 1.5.1:** **"***Simon Says" exercise, focusing positively on difference, to be led by Teacher*
**Exercise 1.5.2:** **"Anti-Cyberbullying (FCF Youth Version)"** - *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.5.3:** **"Antibullying PSA: The Price of Silence"** - *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.5.4:** **"BackMeUp – Anti-cyberbullying" -** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.5.5:** *"Cyber-Bullying Online" Powerpoint Presentation*

**Sixth Class (Age 11-12):**

**Exercise 1.6.1:** **"Mean Girls"-** *You Tube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.6.2:** **"How to UnMake a Bully, Vol. 2"** – *YouTube Video to be followed by small group or class discussion*
**Exercise 1.6.3:** **"Cyber-Bullying" –** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.6.4:** **"Childnet International – Cyberbullying" –** *YouTube Video & Accompanying Worksheet*
**Exercise 1.6.5:** *Short Worksheet Exercise to avoid being cyberbullied & handout of tips re. phone & online bullying*
**Exercise 1.6.6:** **"Tolerance PSA - Dear Parents"** – *YouTube Video to be followed by discussion in school & at home*
**Exercise 1.6.7:** *Annual Anti-Bullying Drawing Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.6.8:** Computerised Anti-Bullying Poster Competition or *Annual Anti-Bullying Slogan Competition (2 Weeks)*
**Exercise 1.6.9:** 5th & 6th Class (Age 11-12) Anti-Bullying Snakes and Ladders - *Game*
**+ Surveys:** From the *"Resolving Situations*" section with 'Reform, not Blame' approach explained before every survey

**All Classes: (Age 8 - 12):**

- **Curricular Anti-Bullying Resources:** ***Social, Personal & Health Education, Religious Education,*** *and/or other subject area activities supporting anti-bullying work*
- **Teachers Section:** **13 –** *A Selection of Poems, some of which can help older pupils understand how bullied children might feel & maybe encourage further writing*
- **Literature:** *Any literature on themes of Friendship, Kindness, Respect, Bullying etc.*

# Foirm Tuairisc Bulaíochta/ Bullying Report Form

## 1. Ainmneacha na bPáistí atá Bainteach / 1. Names of Children Involved
Dalta(í) atá ag Fulaingt Bulaíocht/*Student(s) Experiencing Bullying*:

Dalta(í) atá ag Déanamh Bulaíochta/*Student(s) Engaging in Bullying Behaviour:*

Finnéithe Eile/ *Other Witnesses (if any):*

## 2. Fhoirm na Bulaíochta / *Form of Bullying*
Díreach/Direct:

Fisiciúil/*Physical* ☐ Ó Bhéal /*Verbal* ☐ I scríbhinn/*written* ☐ Sracadh/ *Extortion* ☐

Indíreach/ Indirect

Eisiamh/ *Exclusion* ☐ Caidrimh/ *Relational* ☐ ibearbhulaíocht/ *Cyberbullying* ☐

Eile/*Other*

## 3. Cineál na Bulaíochta / *Type of Bullying*

Iompraíocht bhulaíochta i leith duine atá faoi mhíchumas/ *disablist bullying behaviour* ☐

Bulaíocht ar dhuine ardchumais/ *exceptionally able bullying* ☐

Bulaíocht i leith duine mar gheall ar fhéiniúlacht inscne/ *gender identity bullying* ☐

bulaíocht homafóbach/trasfhóbach/ homophobic/*transphobic bullying* ☐

Bulaíocht mar gheall ar chuma fhisiciúi/ *physical appearance bullying* ☐

Bulaíocht chiníoch/ *racist bullying* ☐

Bulaíocht bhochtaineachta/ *poverty bullying* ☐

Bulaíocht mar gheall ar fhéiniúlacht reiligiúnach/ *religious identity bullying* ☐

Bulaíocht ghnéasaíoch/ *sexist bullying* ☐

Ciapadh gnéasach/ *sexual harassment* ☐

Eile/*Other*

## 4. Cá Háit agus Cathain / 4. Where and When
Suíomh/ *Location:*

Dáta/Am:/ *Date/Time:*

## 5. Dáta na Chéad Chomhroinnte / 5. Date of Initial Engagement
Le Dalta(í) *With Student(s):*

Le Tuismitheoir(í)/ *With Parent(s):*

## 6. Tuairimí an Dalta/na Dtuismitheoirí / 6. Views of Student(s)/Parent(s)
(Maidir leis na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic le bulaíocht)

(Regarding the actions to be taken to address bullying behaviour)

## 7. Dáta Athbhreithnithe / 7. Date of Review

(Chun a chinneadh an bhfuil deireadh tagtha le hiompar bulaíochta)
(To determine if bullying behaviour has ceased)
Dáta Athbhreithnithe:
Review Date:
Toradh:
Outcome:

Tuairimí an Dalta/na nDaltaí:
Views of Student(s):

Tuairimí an Tuismitheora/na dTuismitheoirí:
Views of Parent(s):

## 8. Rannpháirtíocht le Seirbhísí/Tacaíochtaí Seachtracha / 8. Engagement with External Services/Supports (Más any/ If any)

Seirbhísí a Teagmháladh/ Services Contacted:

Sonraí na Rannpháirtíochta/ Details of Engagement:

## 9. Múinteoir a Thaifead / 9. Recording Teacher

Ainm:
Name:

Dáta a Taifeadadh:
Date Recorded: